# Coláiste na bPiarsach

## Nuachtlitir Samhain 2016

An 4ú bliain ag ceiliúradh tar éis torthaí an Teastais Shóisearaigh a fháil. Chuaigh siad isteach chuig pictiúrlann na Gaillimhe mar luach saothair ar na dea-thorthaí a fuaireadar sa Teastas Shóisearach.





An 4ú agus 5ú bliain ag lá oscailte in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

## Focal ón bPríomhoide

Fáilte a scoilphobal Choláiste na bPiarsach chuig céad éagrán na bliana seo de nuachtlitir na scoile agus arnú muid ar fad socraithe isteach go maith sa scoil ag an tráth seo. Cuirim fáilte ar leith roimh scoláirí nua bliain 1, siadsan **Saoirse, Cian  Ó Cuinn, Cian Carr, Kevin, Stephen, Sinéad, Molly, Roisín, Charlie, Éadaoin, Aisling, Darren, Mac Dara, Ronán, David agus Éamon**. Fáiltímid chomh maith roimh **Charlie Tuite**, scoláire nua atá tar éis tosnú linn sa tríú bliain. Tá siad ar fad tar éis cur go mór le hatmaisféar dearfach na scoile ó thús na bliana agus tá súil againn go mbeidh blianta sonasacha acu inár measc. Guímid chuile rath ar scoláirí na hArdteistiméireachta a d'imigh uainn le linn an tSamhraidh agus tréaslaím leo as ucht a gcuid tórthaí sna Scrúduithe. Déanaim comhghairdeachas chomh maith le scoláirí an teastais shóisearaigh a bhain amach sárthórthaí ina gcuid scrúduithe siúd. Gabhaim buíochas lena gcuid múinteoirí a d'oibrigh go díograiseach ar a son agus a gcuid tuismitheoirí a thacaigh leo le linn na bliana.

Gabhaimid chuile rath ar obair na scoile i mbliana go háirithe iad siúd a bhéas ag suí scrúduithe stát. Mar scoláire, bíodh an fhoghlaim agus an fhorbairt phearsanta ar bharr do liosta agus tú linn anseo sa scoil. Feicfidh muid san eagrán seo roinnt den fhorbairt phearsanta atá á déanamh ag na scoláirí. Ní maith liom suntas a thabhairt do rud amháin thar a chéile ach caithfidh mé tagairt don 2000+ euro a bhailigh scoláirí na scoile ar mhaithe le **hOspidéal na Leanaí i gCromghlinn**. Is éacht mór millteach é sin agus sílim gur iontach an duine a bhíonn ag faire amach dóibh siúd a bhíonn tinn. Is sin é mianach na ngasúr atá linn anseo sa scoil.

Mar fhocal scór, tá athchoiriú déanta ar suíomh idirlíon na scoile a mbuíochas don múinteoir **Martha Ní Chualáin**. www.colaistenabpiarasch.com **Peadar Ó Loideáin**

### Maidin Caife d'Oispís na Gaillimhe

Buíochas le chuile dhuine a thug tacaíocht don mhaidin caife ar mhaithe le h**Oispís na Gaillimhe**.  Bailíodh os cionn **€600** ar fad. Tá moladh mór ag dul do **Mharianne Ní Thuama** agus na scolairí Eacnamaíocht Bhaile a rinne go leor ullmhúcháin don ócáid.



**CRAZY HAIR DAY** ar mhaithe le hOspideál na Leanaí i gCromghlinn.  Bailíodh os cionn €2000.










## Imeachtaí eile:

Chaith scoláirí na céad agus na dara bliana lá ag an **Ionad Eachtraíochta i gCeapach na gCapall** i mí Mheán Fómhair. In éineacht leo ar an lá céanna, bhí an rang **Bitheolaíochta 4ú bliain** ag déanamh obair allamuigh mar chuid de chúrsa na hArdteistiméireachta.





**Ar chlé:** Guímíd gach rath ar an ngrúpa scoláirí a thosaigh sa chéad bhliain i mbliana. Tá súil againn go mbainfidh siad tairbhe as a gcuid blianta i gColáiste na bPiarsach.

*Gairmscoil na bPiarsach, Ros Muc, 091-574100*
*Ríomhphost: piarsach@gretb.ie*
*www.coláistenabpiarsach.com*

**Eagarthóir: Bridie Uí Chonámha**